

BORD AN LÁRIONAID CÓIREÁLA DRUGAÍ

An tSaotharlann Anailís Dhrugaí Treoirleabhar d'Úsáideoirí na Seirbhíse

Ag Soláthar

Ag Oiriúnú

Ag Cothú

Ag Forbairt

Ag Stiúradh

Ag Tabhairt Eolais

Clár na nÁbhar

<u>Ábhar</u>	<u>Leathanach</u>
Brollach	ii
Réamhrá	iii
Eolas Ginearálta	iv
Samplaí le haghaidh Anailís Dhrugaí	1
Raon Tástála	1
Tástáil le haghaidh Truaimheasca	2
Anailís Ghnáthscagtha	3
Anailís Dheimhnitheach	3
Monatóireacht Dhruga Theiripigh ar Mheatadón	4
Tástáil Neamhghnách	4
Raon Tástála	5
Toiliú	6
Pacáistíocht agus Iompar	6
Foirmeacha Iarratais	7
Eolas ag Teastáil ón tSaotharlann Roimh Anailís	7
Samplaí a Bhailiú	8
Slabhra Coimeádta	8
Samplaí Neamhghéilliúla	9
Samplaí a Stóráil agus a Choinneáil	9
Rialú Cáilíochta agus Dearbhú Cáilíochta	9
Creidiúnú	10

Tuairisciú	10
Ballraíocht agus Ionadaíocht	10
Aguisín 1: Drugaí Trasimoibríochta	11
Aguisín 2: Sainmhíniú ar Shainaithintí Benzodiazepín	12
Aguisín 3: Sainmhíniú ar Shainaithintí Codlaidínigh	13

Brollach

I mí na Samhna 2005 d'fhoilsíomar ár gcéad Treoirleabhar d'Úsáideoirí an tSeirbhís Saotharlainne. Bhí éileamh mór ar chóipeanna den doiciméad seo agus bhí an t-aiseolas ónár gcustaiméirí an-dearfach. Toisc go bhfuilimid tiomanta d'fheabhas leanúnach tá an leagan nuashonraithe seo á fhoilsiú againn anois.

Áirítear i measc na n-ábhar atá nuashonraithe:

Raon tástála;

Sainmhíniú ar anailísí deimhnitheacha;

Eolas trasimoibríochta;

Eolas ar chreidiúnú ISO 17025.

Is féidir é a íoschóipeáil anois ónár láithreán gréasáin ag www.addictionireland.ie

I gcoitinne, tá iarracht déanta againn an treoirleabhar a dhéanamh chomh soiléir agus chomh gonta agus is féidir.

Fáiltím roimh an dara foilseachán den treoirleabhar seo d'úsáideoirí agus molaim dianobair ár bhfoireann saotharlainne de bharr é a thiomsú agus é a scaipeadh.

Sheila Heffernan
Bainisteoir Ginearálta

Márta 2007

Réamhrá

Scríobhadh an treoirleabhar saotharlainne tocsáineolaíochta seo don fhoireann liachta, altrachta agus tacaíochta a bhaineann leas as seirbhís anailís dhrugaí Bhord an Lárionaid Cóireála Drugaí. Tugann sé eolas ginearálta maidir le conas teacht ar an tseirbhís seo agus sonraíonn sé raon na dtástálacha atá ar fáil.

Is í an tSaotharlann Anailís Drugaí an príomhionad le haghaidh thástáil dhrugaí mí-úsáide in Éirinn. Soláthraíonn sí seirbhís náisiúnta anailís drugaí do réimsí sláinte, dhochtúirí teaghlaigh, d'ospidéal (ghinearálta, shíciatracha agus mháithreachais), d'ionaid choinneáil ógánach, d'eagraíochtaí deonacha agus do Chúirt Dhrugaí Bhaile Átha Cliath.

I measc na dteicníochtaí a bhaineann an tsaotharlann feidhm astu tá imdhíon-mheas agus crómatagrafaíocht chun anailís a dhéanamh ar dhrugaí ar nós Codlaidíneacha, Benzodiazepíní, Canabas, Cóicín, Amfataimíní, Alcól agus EDDP (an phríomhmheitibilít de mheatadón).

Tá foireann lánaimseartha de dháréag ag an saotharlann, ar a n-áirítear Príomhbhithcheimicí, ceithre Bhithcheimicí Shinsearacha, trí Bhithcheimicí den Ghrád Bunúsach, ceithre Chuiditheoir Saotharlainne agus cuntóir riaracháin ar leath-ama.

Eolas Ginearálta

Seoladh: Bord an Lárionaid Cóireála Drugaí, Cúirt na Tríonóide, 30-31 Sráid an Phiarsaigh, Baile Átha Cliath 2.

Fáiltiú/Fiafraithe Ginearálta: 6488600 / 6488601

Bainisteoir Ginearálta: Ms. Sheila Heffernan

Stiúrthóir Cliniciúil: An Dr. John O'Connor

Príomhbhithcheimicí: An Dr. Richard Maguire

Seirbhísí Custaiméara: Ms. Jean Burdett

Uaireanta Oscailte na Saotharlainne: Luan go Aoine
8.45am – 5000pm

Uimhreacha Theileafón na Saotharlainne:

Fiafraithe: 6488645

Príomhbhithcheimicí: 6488644

Seirbhísí Custaiméara: 6488756

Ríomhphost na Saotharlainne: lab@dtcb.ie

Riarachán na Saotharlainne (maidineacha) 6488727

Láithreán Gréasáin: www.addictionireland.ie

Samplaí a úsáidtear in Anailís Dhrugaí

Áirítear fual, fuil, gruaig agus sreabhán béil i measc na samplaí oiriúnacha le haghaidh thástáil dhrugaí.

Is é fual an t-eiseamal is coitianta a úsáidtear toisc go bhfuil sé éasca é a bhailiú agus is féidir drugaí a bhraith ar feadh roinnt laethanta agus, i gcásanna áirithe, ar feadh seachtainí fiú, tar éis na húsáide is deireanaí. Is é fual an sampla inroghnaithe go huilíoch nuair atá tástáil á déanamh le haghaidh drugaí a bheith ann nó gan a bheith ann. Tá fual mí-oiriúnach chun leibhéal drugaí a fháil amach mar gheall ar an gcuid mhaith tosca a mbíonn tionchar acu ar chomhdhéanamh agus ar thiúchan an fhuail. Ba chóir samplaí d'fhual a bhailiú faoi mhaoirseacht mar is cuí.

Bíonn sé níos deacra fuil a fháil agus is thart in uaireanta seachas i laethanta a bhíonn an t-am inar féidir an druga a bhraith tar éis a úsáide. Tá sé níos oiriúnaí ná fual, áfach, chun leibhéal drugaí a fháil amach.

Bíonn sé éasca gruaig a bhailiú agus, ag brath ar a fad, tig léi cuntas stairiúil a léiriú ar úsáid dhrugaí an chliant, thar thréimhse ama.

Bíonn sé éasca sreabhán béil a bhailiú chomh maith ach, cosúil le fuil, is tréimhse ghairid a bhíonn ann maidir le drugaí a aithint. Tá sreabhán béil ina údar go leor taighde fós

Ní dhéantar tástáil ar ghruaig ná ar sreabhán béil de ghnáth sa saotharlann seo.

Raon na Tástála

Tá cúig chineál tástála ann agus áirítear iontu – tástáil le haghaidh truaillmheasctha, anailís ghnáthscagtha, anailís dheimhnitheach, monatóireacht dhruga theiripigh ar mheatadón agus tástáil neamhghnách.

Tástáil le haghaidh Truillmheascha

Baineann tástáil le haghaidh truillmheascha le tástálacha a dhéantar chun a fháil amach cibé an bhfuil sampla fuail fíor nó ar cuireadh isteach air ar bhealach ar bith. I measc na modhanna chun truillmheascadh a dhéanamh ar fhual, tá caolú a dhéanamh air le substaint nó tuaslagán atá saor ó dhruaga nó a leithéid a chur leis nó a leithéid a chur ina áit.

Is dócha gurb é caolú an modh truillmheascha is coitianta a úsáideann úsáideoirí drugaí chun brath mí-úsáid a sheachaint. Tig le leibhéil chreatínine i bhfual méid an truillmheascha seo a léiriú. Ba chóir go mbeadh tiúchan creatínine de 80-200 mg/dl i bhfual normálta. Thaispeáin taighde inár tsaotharlann gur ghá méideanna iomarcacha uisce a ól chun leibhéil chreatínine de níos lú ná 20mg/dl a bhaint amach. Mar sin déanfar samplaí fuail de níos lú ná 20mg/dl a thuairisciú mar fhual caolaithe.

Meastar samplaí fuail le leibhéil chreatínine de <2mg/dl a bheith mínormalach. Tuairiscítear na samplaí seo mar chinn “mhínormálacha” agus, mar sin, ní dhéanfar aon torthaí tástála eile a thuairisciú.

Anailís Ghnáthscagtha

Is sa chatagóir seo atá formhór na dtástálacha drugaí a dhéantar. Déantar gnáthscagadh tríd imdhíon-mheas, trí mheasúnacht einsíme nó mheasúnacht cheimiceach. Is modhanna gasta iad seo a úsáidtear chun scagadh a dhéanamh ar dhrugaí mí-úsáide. Clúdaíonn gnáthscagadh codlaidíneacha, benzodiazepíní, EDDP (an phríomhmheitibilít de mheatadón), canabas, cóicín, amfataimíní, alcól agus creatínín.

Is modh é imdhíon-mheas a léiríonn go bhfuil nó nach bhfuil druga i sampla. Ní thugann an fhormáid reatha a úsáidtear aon eolas maidir le leibhéal nó tíúchan an druga (seachas alcól). Tuairiscítear torthaí mar thorthaí dearfacha nó thorthaí diúltacha. Ba chóir a bheith cúramach agus léirmhíniú á dhéanamh ar thorthaí scagtha de bhrí go dtig le go leor drugaí a fhaightear thar an gcuntar torthaí dearfacha fíor a thabhairt nach mbeadh an t-oibrí sláinte ag súil leo. Sampla de seo is ea Solpadín® a thabharfaidh toradh dearfach codlaidínigh de bhrí go bhfuil cóidín ann atá ina chodlaidíneach. Tig le drugaí agus cógais leighis áirithe torthaí dearfacha diúltacha a chur ar fáil ag baint úsáide as imdhíon-mheas agus is féidir go mbeidh gá le anailís dheimhnitheach bhreise. Bheadh síideifidrin ina shampla a dtig leis toradh dearfach diúltach a thabhairt i leith amfataimíne. Is coitiantaí a tharlaíonn an trasimoibríocht seo le codlaidíneacha agus amfataimíní. Bíonn benzodiazepín, canabas, cóicín agus na tástálacha imdhíon-mheas i leith meatadóin mheitibilíte sách sonrach, áfach, agus is go hannamh a thugann siad torthaí dearfacha diúltacha. Mar gheall ar an bhfeiniméan seo níl torthaí scagtha trí dhíon-mheas leis féin amháin incosanta ó thaobh dlí agus bíonn dearbhú breise maidir leis an toradh tástála ag teastáil. Feic Aguisín 1.

Anailís Dheimhnitheach

Ní foláir gur dochtúir a iarrann gach tástáil dheimhnitheach go sonrach. Déantar anailís dheimhnitheach a chur i gcrích i gcás codlaidíneacha agus benzodiazepíní. Feic Aguisín 2 agus Aguisín 3 le haghaidh sonraí.

Is í an mhodheolaíocht atá i gceist ná crómatagrafaíocht gháis ollspeictriméadrach (GC-MS). Bíonn torthaí tástála deimhnitheacha incosanta ó thaobh dlí ar choinníoll gur féidir sláine na samplóireachta a chruthú (feic leathanach 8 maidir le samplaí a bhailiú agus eolas faoi shlabhra coimeáda).

Monatóireacht dhruaga theiripigh ar mheatadón

Déantar measúnacht ar mhonatóireacht dhruaga theiripigh ar mheatadón i séaram ag baint úsáide as measúnacht imdhionsúiteachta einsímnaicthe (ELISA). Déanfaidh an tástáil seo meitibilítí tapúla meatadóin a aithint agus tig léi cabhrú le dáileoga meatadóin a thoirtmheascadh ar choinníoll go gcuirtear tosca eile san áireamh. Tá sé tábhachtach cóir leighis a thabhairt don othar, ní an leibhéal.

Níor chóir samplaí fola a chur ar aghaidh le haghaidh tástála ar leibhéal shéaram meatadóin ach amháin gur cloíodh leis na critéir a leanas:

- Caitheamh meatadóin faoi mhaoirseacht ar feadh 3 lá ar a laghad roimh lá bhailiú na fola.
- Ba chóir go mbeadh am na dáiloige mar an gcéanna gach lá móide nó lúide 30 noiméad.
- Ní foláir an sampla fola a thógáil díreach roimh an gcéad dháileog eile ar lá 4.
- Ní foláir don am a bheith mar an gcéanna leis an 3 lá roimhe móide nó lúide 30 noiméad.
- Ní foláir na samplaí a bhailiú i bhfeadán séaraim.
- Ní foláir foirm iarratais a bheith leis an sampla a chuimsíonn am na dáiloige ar an lá roimhe, am na dáiloige ar lá na samplóireachta agus am bhailiú na fola.

Mura gcloítear leis na treoirlínte seo is é an toradh a bheidh leis ná nach mbeifear in ann brath ar na sonraí agus go gcuirfead ar neamhní an cuspóir a bhain leis an nós imeachta a chur i gcrích.

Maíodh gur leor 150ng/ml de Mheatadón nó níos mó chun dáileog a choinneáil ar siúl.

Tástáil Neamhghnách

Áirítear i measc na dtástálacha neamhghnácha 6-Aiceatmoirfín (6-Am), frithdhúlagraín Tricyclic, Zopiclone, Buprenorphín, tástáil thoirchis, pH, sainmhéachan agus glúcós. Is ar iarratas amáin a dhéantar na tástálacha seo.

Léirítear raon iomlán na n-anailísí atá ar fáil i dTábla 1 thall.

Tástáil	Modh	Cineál Sampla	Cineál Tástála	Leibhéil	Fuinneog Braite	Aga Slánúchán*
Codlaidíneach	IA	Fual	Scagadh	ní bhaineann	3-10 lá	48 uaire
Codlaidíneach	GC-MS	Fual	Deimhniú	ní bhaineann	3-10 lá	10 lá
6-AM	IA	Fual	Scagadh	ní bhaineann	24 uaire	48 uaire
Benzo	IA	Fual	Scagadh	ní bhaineann	2-28 lá	48 uaire
Benzo	GC-MS	Fual	Gnáth	sea	2-28 lá	10 lá
EDDP	IA	Fual	Scagadh	ní bhaineann	Ní fios	48 uaire
Leibhéal shéaram meatadóin	IA	Fuil	Scagadh	Sea	Ní bhaineann	Tástálaithe faoi dhó in aghaidh na seachtaine (Dé Máirt agus Déardaoin)
Canabas	IA	Fual	Scagadh	ní bhaineann	2-28 lá	48 uaire
Cóicín	IA	Fual	Scagadh	ní bhaineann	2-4 lá	48 uaire
Amfataimín	IA	Fual	Scagadh	ní bhaineann	1-2 lá	48 uaire
Frithdhúlagrán Tricyclic	IA	Fual	Neamhghnách	ní bhaineann	2-4 lá	48 uaire
Alcól	Einsímatach	Fual	Scagadh	Sea	1-2 lá	48 uaire
Zopiclone	GC-MS	Fual	Deimhniú	ní bhaineann	Ní fios	10 lá
Burprenorphín	Ia	Fual	Scagadh	ní bhaineann	2-4 lá	Déan Teagmháil leis an Saotharlann
Creatinín	Ceimiceach	Fual	Scagadh	Sea	ní bhaineann	48 uaire
Toircheas	Einsímatach	Fual	Neamhghnách	ní bhaineann	ní bhaineann	48 uaire
pH	Ceimiceach	Fual	Neamhghnách	ní bhaineann	ní bhaineann	48 uaire
Sainmheáchan	Ceimiceach	Fual	Neamhghnách	ní bhaineann	ní bhaineann	48 uaire
Glúcós	Ceimiceach	Fual	Neamhghnách	ní bhaineann	ní bhaineann	Déan Teagmháil leis an Saotharlann

Tábla 1: Raon tástála arna dhéanamh i Saotharlann Anailís Drugaí Bhord an Lárionaid Cóireála Drugaí.

*Tabhair faoi deara, le do thoil: Déantar aga slánúchán a thomhas ón am a fhaightear an sampla sa shaotharlann

Giorruithe

6-AM: aiceatmoirfín, meitibilít de hearóin

Benzpo: Benzodiazepíní

Ceimiceach: Measúnacht Cheimiceach

Deimhniú: Tástáil Dheimhnitheach

EDDP: 2-ethylidene-1, 5-dimethyl-3, 3-diphenylprolidine, bunmheitibilít de mheatadón

GC-MS: crómatagrafaíocht gháis ollspeictriméadrach

IA: Imdhíon-mheas

Scagadh: Tástáil Scagtha

Toiliú

Ní ghlacann Bord an Lárionaid Cóireála Drugaí freagracht as “toiliú don tástáil” a fháil maidir le samplaí a fhaightear le haghaidh tástála i leith drugaí.

Ba chóir don dochtúir nó don eagraíocht a iarrann an tástáil toiliú a fháil sula a gcuirtear samplaí go dtí an tsaotharlann. Má bhíonn an cliant faoi bhun 18 bliana d’aois ba chóir toiliú le haghaidh scagtha a fháil ó thuismitheoir nó ó chaomhnóir.

Pacáistíocht agus Iompar

Ní ghlacfaidh an tsaotharlann ach le samplaí atá pacáistithe faoi réir rialachán ADR, atá achtaithe i ndlí na hÉireann. Is comhaontú Eorpach é ADR maidir le hiompar idirnáisiúnta earraí dainséaracha ar bhóithre. Faoi na rialacháin seo roinntear samplaí in dhá ghrúpa, fáithmheasta agus tógálach.

- Is é an sainmhíniú atá ar shampla fáithmheasta ná eiseamal a bailíodh chun críche fáithmheasa.
- Is é an sainmhíniú atá ar shampla tógálach ná eiseamal a bhfuil mionorgánach inmharthana ann atá ar eolas a bheith, nó a mheastar go réasúnach a bheith, ina chúis aicíde.

Is é atá i bpacáistíocht atá faomhaithe ag na Náisiúin Aontaithe le haghaidh samplaí fáithmheasta agus tógálacha ná córas pacáistíochta trífhille comhdhéanta de:

- Bunghabhán – an buidéal fuail. Ní foláir é seo a bheith sceithdhíonach, lipéadaithe go soiléir agus é burláilte i ndóthain ábhair shúitigh chun gach sreabhán a shú i gcás a bhriste.
- Gabhadán tánaisteach – le húsáid chun an bunghabhadán a chur isteach ann. Ní foláir é seo a bheith dochaite agus sceithdhíonach. Is féidir roinnt bunghabhadán a chur in aon ghabhadán tánaisteach amháin. Ní foláir dóthain ábhair shúitigh breise a úsáid chun ilbhunghabhadáin a chosaint.
- Pacáistíocht amuigh: cuirtear an gabhadán tánaisteach i bpacáiste amuigh a chosnaíonn é agus a bhfuil ann ó iarmhairtí seachtracha ar nós damáiste fhisiciúil agus/nó uisce agus é faoi bhealach.

Tá an cineál pacáistíochta seo ar fáil le ceannach nó trí rannóg Sholáthair agus Bhainistiú Ábhar, Seirbhísí Roinnte Réigiún an Oirthir de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

Meastar formhór samplaí fuail a bheith fáithmheasta, mar sin féin má bhíonn tú éiginnte, déan teagmháil leis an tsaotharlann chun comhairle a fháil. Is ar an seoltóir atá an fhreagracht teideal, pacáistíocht, lipéadú agus doiciméadú c(h)earth gach eiseamal fáithmheasta agus tógálach a chinntiú.

Foirmeacha Iarratais

Tá foirmeacha iarratais do ghnáthscagadh, d'anailís dheimhnitheach agus do leibhéal shéaram meatadóin ar fáil ar ár láithreán gréasáin nó ó Sheirbhísí Custaiméara na Saotharlainne.

Eolas ag teastáil ón tsaotharlann roimh anailís

Ní foláir an t-eolas a leanas a chuimsiú ar an soitheach ina bhfuil an sampla agus ar an bhfoirm iarratais nuair atá sampla á chur ag aghaidh le haghaidh anailíse.

- Ainm iomlán an othair
- Cód DAIS (mar is cuí)
- Dáta breithe
- Ainm an chlinic nó an ospidéal
- Ainm an Dochtóra
- Dáta bhailiú an tsampla
- Cineál sampla

Mura gcuimsítear a bhfuil thuas is féidir go gcuirfear bac ar phróiseáil an tsampla.

Samplaí a Bhailiú

Ba chóir tuairim is 20mls go 30mls i dtoirt a bheith i samplaí fuail, arna bhailiú i soitheach plaisteach glan gan leasaitheach. Ba chóir a bheith cúramach lena chinntiú gur fíorshampla atá ann, i.e., gur scaoil an t-othar é go húr faoi mhaoirseacht agus nár truaillmheascadh é ina dhiaidh sin nó nár cuireadh eiseamal “saor ó dhruaga” ina áit. Ba chóir é a chur chomh luath agus is féidir ansin go dtí an tsaotharlann. Ní dhéanfar samplaí a fhaightear breis is 14 la i ndiaidh a mbailithe a thástáil toisc an fhéidearthacht a bheith ann go mbeadh táirgí dianscaoilte iontu a ghinfí trí stóráil fhada, a d’fhéadfadh torthaí bréagacha a bheith mar thoradh air.

In éagmais maoirseachta dírí, tig le stiall theochta ar an mbuidéal bailithe cabhrú chun a dhéanamh amach an fíorshampla atá ann. Ba chóir gur idir 34-39°C a bheadh fual nuair a scaoiltear é go húr.

Más fuil í an mhairtís atá ag teastáil, bíonn 10mls fola de dhíth go hidéalach, arna bailiú i bhfeadán séaraim. Ba chóir réamhchúraimí agus nósanna imeachta caighdeánacha a leanúint agus samplaí á nglacadh.

Is féidir eolas faoi shamplaí gruaige nó sreabhán béil a bhailiú a fháil ó Sheirbhísí Custaiméara na Saotharlainne.

Slabhra Coimeádta

I dtreo is go mbeidh torthaí tástála inchosanta i gcúirt dhlí nó in éisteacht ghairme, ní foláir nósanna imeachta shlabhra coimeádta a leanúint. Is é atá i gceist maidir le slabhra coimeádta ná doiciméadú iomlán a dhéanamh maidir le cé thug an sampla agus cé a bhailigh agus a láimhsigh é ina dhiaidh sin. Tig le saotharlann Bhord an Lárionaid Cóireála Drugaí eolas a chur ar fáil faoi threalamh bhailiú shlabhra coimeádta agus nósanna imeachta samplóireachta. Le haghaidh tuilleadh eolais déan teagmháil le Seirbhísí Custaiméara na Saotharlainne, le do thoil.

Samplaí Neamhghéilliúla

Is samplaí neamhghéilliúla iad samplaí nach léiríonn an t-eolas sainordaitheach is gá chun sampla áirithe a aithint, i.e., ainm iomlán, dáta breithe, dáta an tsampla agus an láthair as a cuireadh an sampla ar aghaidh. Is féidir nach ndéanfar anailís ar shamplaí a mbíonn aon cheann de na sonraí a luaitear thuas ar iarraidh iontu. Déanfaidh an tsaotharlann gach iarracht chun aithint cheart an tsampla a fháil chun go rachfar ar aghaidh leis an anailís.

Féachtar freisin ar shamplaí atá ag sceitheadh mar shamplaí neamhghéilliúla. Ní dhéanfar anailís ar shamplaí atá ag sceitheadh agus cuirfear an sampla de lámh láithreach.

Cuirfear scéal i scríbhinn maidir le samplaí neamhghéilliúla chuig an seoltóir trí bhíthin foirme neamhghéilliúla ag sonrú nádúr na neamhghéilliúlachta agus ag iarraidh an eolais cheart, sula bhféadfar an anailís a dhéanamh.

Stóráil agus Coimeád Samplaí

Ba chóir samplaí a chur chuig an tsaotharlann ar an gcéad áiméar a gheofaí. Má bhíonn aon mhoill ann, moltar go ndéanfar iad a stóráil i gcuisneoir ag 4°C nó in áit fhionnuar dhorcha mura mbíonn cuisniú ar fáil. I ndiaidh anailíse, coinneoidh an tsaotharlann samplaí ar feadh 10 lá agus ina dhiaidh sin déanfar iad a chur de lámh go sábháilte. Dá mbeadh tástáil bhreise ag teastáil lasmuigh den tréimhse seo déanfar samplaí a reo.

Déanfar gach sampla dearfach Shlabhra Coimeádta a reo agus coinneofar é ar feadh 36 mhí.

Déanfar gach sampla diúltach Shlabhra Coimeádta a reo agus coinneofar é ar feadh 3 mhí.

Rialú Cáilíochta agus Dearbhú Cáilíochta

Chun ardmhuinín a chinntiú maidir le torthaí tástála, cloíonn an tsaotharlann le caighdeáin ghéara rialú cáilíochta (QC) agus dhearbhu cáilíochta (QA). Is rialuithe cáilíochta iad thart ar 3% de na samplaí go léir. Chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht, tá an tsaotharlann páirteach in dhá scéim sheachtrach rialú cáilíochta, an United Kingdom National External Quality Assessment Scheme (UKNEQAS) agus an Australian Urine Toxicology Proficiency Programme (AUSTOX).

Ar iarratas, trí shocrú leis an tsaotharlann, déanfar freastal maidir le breathnú ar shonraí rialú cáilíochta, sonraí thástáil inniúlachta agus nósanna imeachta tástála.

Creidiúnú

Creidiúnaítear ár tsaotharlann ag Bord Náisiúnta Creidiúnaithe na hÉireann go ISO 17025. Déanann iniúchóirí seachtracha measúnú orainn go bliantúil chun an caighdeán ard seo a choinneáil. Is féidir breathnú ar scóip ár gcreidiúnaithe ag www.inab.ie/pdf/169T.pdf

Tuairisciú

Sonraíonn an chéad leathanach de gach tuairisc ainm agus seoladh an chustaiméara, scoithphointí thiúchan drugaí (pointí os a chionn nó faoina bhun a mheastar samplaí a bheith dearfach nó diúltach), dáta a dhéantar gach tuairisc agus scóip chreidiúnú Bhord Náisiúnta Creidiúnaithe na hÉireann.

Déantar gach othar a aithint tríd a (h)ainm, d(h)áta breithe, c(h)ód clinic, a (h)uimhir chairte. Déantar sampla a aithint trí bharrachód sainiúil agus dáta an tsampla.

Má bhraithear druga, taispeántar an toradh mar “+” (dearfach). Nuair nach mbraithear aon druga, tuairisceofar é mar “-“ (diúltach). Léiríonn spás folamh nach ndearnadh aon tástáil. Beidh torthaí ar fáil laistigh de 24-48 uaire ón am a fhaightear na samplaí sa shaotharlann. Glacann tástáil dheimhnitheach níos mó ama de ghnáth chun í a dhéanamh (feic Tábla 1).

Bíonn an modh tuairiscithe faoi réir réamhshocraithe le Seirbhísí Custaiméara na Saotharlainne. De ghnáth cuirtear tuairiscí tríd an bpost, mar mhalairt air sin is féidir iad a chur trí fhacs ar choinníoll gur féidir rúndacht an eolais a ráthú. Is i gcrúachásanna amháin is féidir tuairisc a thabhairt ó bhéal. Is féidir go dtig le húsáideoirí áirithe Sheirbhís Andúile Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte rochtain a fháil ar thorthaí go leictreonach tríd an gCóras Eolais um Chúnaimh Drugaí (DAIS).

Ballraíocht agus Ionadaíocht

Chun scothchleachtas a chinntiú agus chun a bheith bord ar bord leis na forbairtí agus na treochtaí is déanaí maidir le mí-úsáid drugaí, bíonn ballraíocht ghairme ag foireann na saotharlainne agus freastalaíonn siad ar chruinnithe de chumann idirnáisiúnta éagsúla ar a n-áirítear:-

TIAFT- The International Association of Forensic Toxicologists

SOFT- The Society of Forensic Toxicologists

EWDTs- European Workplace Drug Testing Society

Tá ionadaíocht ag an tsaotharlann freisin ag coiste Luathrabhaidh agus Treochtaí ag Teacht Chun Cinn den gCoiste Comhairleach Náisiúnta ar Dhrugaí (CCND).

Aguisín 1 – Tábla Trasimoibríochta

Cógais leighis a thugann torthaí dearfacha fíor Codlaidínigh	Cógais leighis a thugann torthaí dearfacha bréagacha Codlaidínigh	Cógais leighis nach gcuireann isteach ar thorthaí Codlaidínigh	Cógais leighis a thugann torthaí bréagacha Amfataimíne	Cógais leighis a thugann torthaí bréagacha Tricyclic Frithdhúlagraín
Benylin le Cóidín (codeine)	Quinolones	Diconal (Dipipanone)	Colofac (Mebeverine)	Tolvon (Mianserin)
Cóidín fosfáite (cóidín)		Distalgescic (Dextropropoxyphene)	Ephedrín	
Codis (cóidín)		Doloxene (Dextropropoxyphene)	Súideifidrin	
Cyclimorph (moirfín)		Equagesic (Meprobamate)		
DF 118 (dihydrocóidín)		Pethidín		
Dimotane – Co (súideifidrin agus cóidín)		Temgesic (Buprenorphín)		
Feminax (cóidín)				
Migraieve (cóidín)				
Moirfín Sulfáite (MST) (moirfín)				
Nurofen Plus (cóidín)				
Oramorph (moirfín)				
Panadeine (cóidín)				
Paracodin (dihydrocóidín)				
Sevredol (moirfín)				
Solpadol (cóidín)				
Solpadín (cóidín)				
Tylox (cóidín)				
Ní liosta uileghabhálach é seo	Ní liosta uileghabhálach é seo	Ní liosta uileghabhálach é seo	Ní liosta uileghabhálach é seo	Ní liosta uileghabhálach é seo

Taispeántar comhábhair ghníomhacha idir lúibíní mar is cuí

Aguisín 2

Sainmhíniú ar Shainaithintí Benzodiazepín

Go minic bíonn meitibilití coitianta mar thoradh ar chosáin mheitibilite benzodiazepíní, (is é Oxazepam an ceann is suntasaí), mar sin is féidir é a bheith deacair a aithint go hiomlán cén máthairdhruga(i) a caitheadh ar dtús. Ní féidir leis an ngnáthnós imeachta scagtha imdhíon-mheas i leith benzodiazepíní idirdhealú a dhéanamh idir meitibilití, mar sin déantar meastóireachtaí benzodiazepíní fuail ag úsáid teicníochtaí níos sofaisticiúla a dtig leo díriú go sonrach ar na meitibilití seo. Feic Tábla 2 thíos.

Máthairdhruga	Sprioc-Mheitibilit
Diazepam / Valium	Nordiazepam; Oxazepam; Temazepam
Normison	Temazepam
Dalmane	2-hiodrosca Flurazepam
Librium	Chlordiazepoxide

Tábla 2

Níl aon sonraí idirnáisiúnta ann maidir le leibhéil benzodiazepín i bhfuail. In 1999, rinne ár tsaotharlann staidéar beag chun monatóireacht a dhéanamh ar bhenzodiazepín fuail ó seachtar othar a bhíodas á ndíthocsainiú i socrúchán barda dhúnta. Mhaígh an staidéar seo go bhfacthas leibhéil iarmhartacha de <3ug/ml Oxazepam agus/nó <3ug/ml Temazepam go minic i gcásanna dáiloga teiripeacha benzodiazepíní áirithe a ordaítear go coitianta.

Níos déanaí, thaispeáin staidéir anseo go bhfaightear leibhéil >10ug/ml Oxazepam agus/nó >10ug/ml Temazepam go minic i gcásanna ina bhfuil barúil ann go bhfuil mí-úsáid bhenzodiazepín i gceist. Bíonn tionchar ag go leor tosca, áfach, maidir le caolú shampla fuail agus go hiarmartach maidir le tíúchan drugaí, mar sin ba chóir a bheith airdeallach agus sainmhíniú á dhéanamh ar leibhéil a thuairiscítear.

Aguisín 3

Sainmhíniú ar Shainnithintí Codlaidínigh

Sa chorp, déantar hearón a mheitibilít ar dtús báire go dtí 6-aiceatmoirfín (6-AM) agus go moirfín ansin. Má bhíonn 6-AM ann is cruthú é sin go bhfuil hearón á úsáid, mar sin féin bíonn leathshaol gairid ag 6-AM agus ní féidir é a bhraith i bhfual 24 uaire tar éis na húsáide hearóin is deireanaí. Mar sin is é moirfín an mheitibilít is mó is coitianta a bhraithear in mí-úsáid hearóin. Bíonn méid beag moirfín freisin mar thoradh ar mheitibilít cóidín (ar a n-áirítear pianmhúcháin a fhaightear thar an gcuntar). De bharr seo, tig leis a bheith deacair idirdhealú a dhéanamh idir úsáid cóidín nó moirfín ina n-aonar nó in éineacht lena chéile.

Is eisióntas é aiceatcóidín a bhraithear freisin i hearón a bhriseann síos go cóidín.

Bíonn an gnáthnós imeachta scagtha imdhíon-mheas i leith codlaidíneacha sainiúil i leith moirfín, cóidín agus dihydrocóidín ach ní féidir leis idirdhealú a dhéanamh eatarthu. Mar sin gheofar toradh dearfach codlaidínigh trí imdhíon-mheas má bhíonn aon cheann nó teaghlaim de na rudaí thuasluaite ann os cionn na tiúchana scoite de 300ng/ml.

Chun a fháil amach cén codlaidíneach atá ann, bíonn gá le tástáil bhreise. Ar an gcéad dul síos, déantar tástáil 6 AM agus, má bhíonn sí dearfach, deimhnítear úsáid hearóin. Má bhíonn sí diúltach, ní foláir tástáil bhreise a dhéanamh trí GC-MS.

Feic an tábla thíos le haghaidh sainmhínithe ar thorthaí GC-MS.

Toradh GC-MS	Sainmhíniú
Moirfín	Dearbhú maidir le húsáid moirfín foirmlithe nó hearón
Cóidín	Dearbhú maidir le húsáid cóidín
Dihydrocóidín	Dearbhú maidir le húsáid Dihydrocóidín
Úsáid Chodlaidínigh	Dearbhaíodh codlaidíneach, ach ní rabhtas in ann idirdhealú a dhéanamh maidir le cén ceann a tógadh

Tábla 3

Nótaí

Bord an Lárionaid Cóireála Drugaí

**Cúirt na Tríonóide
30-31 Sráid an Phiarsaigh
Baile Átha Cliath 2**

Teil: +353 1 648 8600

Facs: +353 1 648 8700

Ríomhphost: info@dtcb.ie

Láithreán Gréasáin: www.addictionireland.ie

**Deartha agus
Curtha i gCló ag
Print World Limited**

Márta 2007

Leagan 2.0

